**RABHADH**

**An páipéar seo a thabhairt suas le do fhreagarleabar - sin nó caillfear marcanna.**

**M.59AT**

**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2000**

**DÉ CÉADAOIN 21 MEITHEAMH 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

## ROINN A (100 marc)

**Scrúduimhir**

| |
|---|
| |

**THALL ®**

**Freagair do rogha sé cheist:-**

**1.** Luaigh **TRÍ** shampla de chonstaicí le saor-iontráil isteach in aon tionscal:

(i) ..........................................................................................................................

(ii) ..........................................................................................................................

(iii) ..........................................................................................................................

(16 marc)

**2.** (a) Ceannaíonn tomhaltóir 100 aonad d'earra ar phraghas £1.
Ardaítear an praghas go dtí £1.25, agus ceannaíonn sé/sí 80 aonad.
Ríomhaigh Praghasleaisteachas an Éilimh ag an tomhaltóir seo.
(Taispeáin do chuid oibre)

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................

(b) An bhfuil an t-éileamh ar an earra seo leaisteach, neamhleaisteach, nó leaisteach aonadach?

..........................................................................................................................

(16 marc)

**3.** Is mar seo a mhínítear an "**geilleagar dubh**".

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................

(16 marc)

**4.** Abair céard is brí leis an **Leathan-Soláthar Airgid (M3)**.

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................

(16 marc)

**5.** Abair céard atá i gceist le **Comhardú Beart Uathrialach** i gComhardú na nÍocaíochtaí:

.......................................................................................................................................

.......................................................................................................................................

.......................................................................................................................................

(16 marc)

**6.** Séard is **praghas soláthair ag toisc táirgeachta** ná:

.......................................................................................................................................

.......................................................................................................................................

.......................................................................................................................................

(17 marc)

**7.** Íocann rialtas na hÉireann faoi láthair fiacha na mac léinn sa chuid is mó de choláistí tríú leibhéil in Éirinn. Déan tagairt do **DHÁ** bhuntáiste eacnamaíochta agus do **DHÁ** mhíbhuntáiste eacnamaíochta atá ag an bheartas seo do gheilleagar na tíre.

**Buntáistí**:

(i) .......................................................................................................................................

(ii) .......................................................................................................................................

**Míbhuntásití**:

(i) .......................................................................................................................................

(ii) .......................................................................................................................................

(17 marc)

**8.** (a) Líon isteach go hiomlán an tábla seo:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon daoine fostaithe** | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** |
| **Táirgeacht Iomlán, in aonaid** | **10** | **25** | **42** | **58** | **62** |
| **Táirgeacht Imeallach, in aonaid** | | | | | |

(b) Abair cathain go díreach a thosaíonn **Toradh Laghdaitheach Imeallach**..............................

(c) Mínigh cén fáth go mbíonn Toradh Laghdaitheach Imeallach ann .......................................

.......................................................................................................................................

.......................................................................................................................................

(17 marc)

**9.** Rinne Adam Smith a chion féin maidir le tuairimíocht eacnamaíochta - luaigh **TRI** shlí aige:

(i) .......................................................................................................................................

(ii) .......................................................................................................................................

(iii) .......................................................................................................................................

(17 marc)

**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**
**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2000**

---

**EACNAMAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL**
**(400 MARC)**

---

**DÉ CÉADAOIN, 21 MEITHEAMH 2000 – MAIDIN, 9.30 - 12.00**

---

**Freagair sé cheist as Roinn A agus ceithre cheist as Roinn B. Tabharfar creidiúint as an bhfreagairt a bheith soiléir cruinn cuí agus ar an ábhar a bheith leagtha amach i ndea-ord.**

---

## ROINN A (100 marc)

**Tá na ceisteanna sa roinn seo ar bhileog faoi leith agus tá spás do na freagraí. Tugtar an bhileog sin in iomláine ar ais le do fhreagarleabhar ag deire an scrúdaithe.**

## ROINN B (300 marc)

**Ceithre cheist le freagairt. Tá an líon céanna marcanna (.i. 75) ag na ceisteanna uilig. Tabhair faoi deara go bhfuil fo-chodanna iontu.**

**1. (a)** Mínigh, agus tabhair sampla den **Phrionsabal** nó den **Dlí a bhaineann le Torthaí Comhimeallacha faoi Iompraíocht Tomhaltóirí**. (20 marc)

**(b)** Is ar dhá earra, Earra X agus Earra Y, a chaitheann tomhaltóir an t-ioncam iomlán. Is earraí normálta iad araon ach ní earraí comhlánacha iad. Tagann laghdú ar phraghas earra X; níl athrú ar bith ar phraghas earra Y. Leanann an tomhaltóir ag caitheamh iomlán an ioncaim orthu araon. Mínigh an difir idir an slí a bhfuil tionchar ag laghdú an phraghais, ar éileamh an dá earra - le cabhair ó **iarmhairt ón Ionadú** agus **ón iarmhairt Ioncaim**.

(30 marc)

**(c)** (i) Mínigh go hachomair, céard is brí le **<u>Dlí an Éilimh</u>**.

(ii) Tá eisceachtaí ag Dlí an Éilimh úd.
Mínigh go cruinn **<u>TRÍ</u>** cinn de na heisceachtaí seo. (25 marc)

**[75 marc]**

**2. (a)** Mínigh **'idirdhealú praghsanna'** agus tabhair sampla **<u>AMHÁIN</u>** de. (10 marc)

**(b)** Luaigh agus mínigh **<u>TRÍ</u>** choinníol is gá a bheith ann ionas go mbeidh ar a cumas ag comhlacht úsáid a bhaint as idirdhealú praghsanna. (20 marc)

**(c)** Is monoplaí comhlacht airithe sa mhargadh intíre, agus í ag easpórtáil go dtí margaí thar lear, ina bhfuil iomaíocht fhoirfe. Ba mhian léi uasmhéadú ar an bhrabús. Mínigh, le léaráid ar a bheidh lipéidí soiléire, an chothromaíocht fhadthréimhseach atá ag an mhonoplaí úd atá ag idirdhealú praghsanna. (30 marc)

**(d)** Bheadh sochar b'fhéidir ag an chomhlacht sin lastuas as barraineachtaí mhórscála inmheánacha.

(i) Céard is brí le **barraineacht scála inmheánach**?

(ii) Luaigh **<u>DHÁ</u>** shampla de bharraineacht mhórscála inmheánach a bheadh indéanta.

(15 marc)

**[75 marc]**

**3. (a)** (i) Tarraing cuar an mheán-chostais ghearr-reatha agus cuar an mheán-chostais fhad-reatha.

(ii) Mínigh cén fáth go bhfuil an dealramh áirithe sin ag gach cuar díobh.

(25 marc)

**(b)** Bíodh **<u>DHÁ</u>** léaráid agat, agus lipéidí soiléire orthu, chun an gaol a mhíniú:

(i) idir cuar an mheán-chostais ghearr-reatha agus cuar an mheán-chostais fhad-reatha.

(ii) idir cuar an mheán-chostais ghearr-reatha agus cuar an mheán-chostais imeallaigh.

(30 marc)

**(c)** Ba mhian le comhlacht áirithe a líon oibrithe a ardú óna 5 go dtí 6 fhostaí.
Chuige sin, is gá an ráta pá seachtainiúil a ardú óna £200 go dtí £230 an fostaí.

(i) Mínigh an bhrí atá ag **<u>costas imeallach saothair</u>**.

(ii) Ríomhaigh, ón eolas lastuas, an costas imeallach saothair atá ag an chomhlacht úd.

(20 marc)

**[75 marc]**

**4.** **(a)** Séard atá in <u>éifeachtacht imeallach an chaipitil</u> ná an breis-bhrabús tuillte ag fiontraí as breis-aonad an chaipitil a úsáid.
Luaigh agus mínigh cén fáth a dtiocfadh laghdú ar éifeachtacht imeallach an chaipitil. (20 marc)

**(b)** Mínigh **<u>TRÍ</u>** chúis Keynes le hairgead a choinneáil i seilbh. Léirigh **<u>DHÁ</u>** phríomhthionchar atá ar gach cúis díobh. (30 marc)

**(c)** Trácht a dhéanamh ar na torthaí do gheilleagar na hÉireann ag eascair as ardú ar rátaí úis. (25 marc)
**[75 marc]**

**5.** Léirítear sa tábla seo Dlí an Bhuntásite Chomparáidigh.

| **<u>TÍR</u>** | **<u>TÁIRGE</u>** ***(SOLÁTHAR SAN UAIR AG DUINE AMHÁIN)*** | |
|---|---|---|
| | **BIA** | **INNEALRA** |
| **Tír A** | **8 dtonna** | **2 aonad** |
| **Tír B** | **16 tonna** | **8 n-aonad** |
| **Aschur Iomlán** | **24 tonna** | **10 n-aonad** |

**(a)** (i) Dlí an Bhuntáiste Chomparáidigh a scríobh amach.
(ii) Ón sampla sin lastuas, mínigh cén fáth gur chóir go mbeadh trádáil idirnáisiúnta idir na tíortha úd.
(iii) Ríomhaigh na teorainneacha a bheadh i gceist ag na **téarmaí trádála** maidir le bia agus innealra **<u>araon</u>**. (25 marc)

**(b)** (i) Mínigh na téarmaí seo:
Téarmaí na Trádála **agus** Comhardú na Trádála.
(ii) Trácht a dhéanamh ar na torthaí don tír maidir leis an Chomhardú Trádála, dá dtiocfadh feabhas ar Théarmaí Trádála na Tíre. (25 marc)

**(c)** Luaigh agus mínigh **<u>CÚIG</u>** bhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ann do gheilleagar na tíre seo, Éire bheith toilteanach ar an chóras EURO a thabhairt isteach. (25 marc)
**[75 marc]**

**6.** **(a)** Tá ar a gcumas ag na Bainc Tráchtála creidmheas chruthú.
(i) Mínigh conas is féidir leis na Bainc Tráchtála creidmheas a chruthú.
(ii) Luaigh agus mínigh **<u>TRÍ</u>** chonstaic ar chumhacht na mbanc i gcruthú chreidmheasa. (35 marc)

**(b)** Ba mhian le banc pé brabús is mó is féidir a ghnóthú, ach is gá go leor airgid a choinneáil i seilbh chun an éileamh ar airgead tirim ag na custaimeirí a shásamh. Cén slí ina n-iarrann siad an dá fheidhm chontrártha seo a bhaint amach? (20 marc)

**(c)** Cén toradh a bheadh ann, dar leat:-
(i) má fhásann soláthar an airgid ag ráta níos tapúla ná an táirgeacht earraí agus seirbhísí i dtír ar bith;
(ii) má fhásann soláthar an airgid sa tír sin ag ráta níos moille ná an táirgeacht earraí agus seirbhísí? (20 marc)
**[75 marc]**

**7. (a)** Mínigh go cruinn céard is brí leis an téarma **"Ioncam Náisiúnta"**. (10 marc)

**(b)** I láthair na huaire in Éirinn, cé acu ceann a bheadh i gceist, dar leat: OTN (GNP) a bheith níos mó ná an OTI (GDP), nó a bheith ar chomhchéim leis, nó a bheith níos ísle ná é? Mínigh do fhreagra. (15 marc)

**(c)** (i) Minigh an bhrí atá ag an **'an Iolraitheoir'** agus scríobh an fhoirmle chun é a ríomh i ngeilleagar oscailte.

(ii) Measadh gur mar seo atá i ngeilleagar na hÉireann:
MPM = 0.4, MPT = 0.24 agus MPS = 0.26.
Ríomhaigh, le cabhair na foirmle, cén luach atá ag an iolraitheoir.
(Léirigh do chuid oibre ar fad).

(iii) Má thagann ardú £10m ar onnmhairí, cén méadú a bheadh ar an ioncam náisiúnta?
(Léirigh do chuid oibre ar fad). (35 marc)

**(d)** Cuirtear an t-eolas seo ar fáil dhuit maidir le tír áirithe:

| | **1990** | **1998** |
|---|---|---|
| Olltáirgeacht Náisiúnta ar Phraghsanna an Mhargaidh | £2,000m | £2,400m |

(i) Má bhí ardú 10% ar leibhéal na bpraghsanna ó 1990 go dtí 1998, ach gur fhan an daonra gan athrú, cé acu feabhas no donacht a tháinig ar an chaighdeán maireachtála? Mínigh do fhreagra.

(ii) Má lean leibhéal na bpraghsanna gan athrú agus gur tháinig méadú 25% ar an daonra, cé acu feabhas nó donacht a tháinig ar an chaighdeán maireachtála? Mínigh do fhreagra. (15 marc)

**[75 marc]**

**8. (a)** Caidé mar a d'éirigh le Geilleagar na hÉireann sa bhliain seo caite maidir le gach réimse díobh seo:

(i) fostaíocht / dífhostaíocht;
(ii) boilsciú;
(iii) rátaí úis;
(iv) fás eacnamaíochta;
(v) cáin ioncam.

Bíodh samplaí mar is cuí agat chun do fhreagraí a shoiléiriú.

(25 marc)

**(b)** Le blianta beaga, tá beartas á leanacht ag an rialtas in Éirinn roinnt comhlachtaí leathstáit a phríobháidiú.

(i) Déan trácht ar **TRÍ** shlí ina bhféadfadh an rialtas leas a bhaint as an airgead atá á ghnóthú as príobháidiú.

(ii) Fáthanna eacnmaíochta ar son nó i gcoinne an phríobháidithe a phlé.

(25 marc)

**(c)** Ag deire na bliana 1999 bhí timpeall £31 billiún mar iarmhéid gan íoc ar an Fhiachas Náisiúnta. Déan na torthaí eacnamaíochta - idir dearfa agus diúltach - atá ann de bharr an Fhiachais Náisiúnta a phlé.

(25 marc)

**[75 marc]**